CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 235/2022

an 23 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/764]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1450 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beatha neamhorgánach phróitéine a úsáid le haghaidh tógáil beostoic orgánaigh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa réamhrá i gCaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 54bo (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'54bp. **32022 R 1450**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1450 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le beatha neamhorgánach phróitéine a úsáid le haghaidh tógáil beostoic orgánaigh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin (IO L 228, 2.9.2022, lch. 8).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1450 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 24 Meán Fómhair 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 228, 2.9.2022, lch. 8.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON